C/2026/192

12.1.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/192)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Κασέρι / Kasseri’

Uimh. Thagartha an Aontais: PDO-GR-0440-AM01 — 13.10.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Κασέρι / Kasseri’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Ghréig

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Forbartha Tuaithe agus Bhia, an Stiúrthóireacht um Scéimeanna Cáilíochta agus Feirmeoireacht Orgánach

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach ar shonraíocht ‘Κασέρι/Kasseri’ iad na leasuithe uile a tugadh isteach sa teachtaireacht, ós rud é nach féidir a mheas gur leasú ar leibhéal an Aontais iad, ós rud é nach dtagann siad faoi aon cheann de na coinníollacha a áirítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Is é sin, níl an méid seo a leanas i gceist leo: modhnú ar an ainm nó úsáid an ainm nó an baol go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní nó srianta breise ar mhargú an táirge.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Leasaíodh Roinn 2, 'Tuairisc ar an táirge', den tsonraíocht táirge, go sonrach sa mhír maidir le saintréithe bunúsacha cháis 'Κασέρι / Kasseri', cuireadh an frása seo a leanas 'Cruth: a) Sorcóireach / Toisí: trastomhas suas le 30 cm, airde 7-10 cm'. in ionad an fhrása seo 'Cruth: a) Sorcóireach / Toisí: trastomhas 25 go 30 cm; airde 7-10 cm'

Is é is cúis leis an leasú sin go n-éascaítear leis an bpróiseas chun cáis 'Κασέρι / Kasseri' a mhúnlú ina cruth sorcóireach i méideanna éagsúla (cáiseanna aonair a bhfuil trastomhas níos lú ná 30 cm acu) soláthar an táirge chomh maith lena dhíol le níos mó tomhaltóirí a chumasú, ar spéis leo cáis 'Κασέρι / Kasseri' a fháil i gcainníochtaí níos lú. Méadaíonn sé sin indíoltacht an táirge.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cruthúnas tionscnaimh

Tuairisc

Leagtar amach i Roinn 4 den tsonraíocht táirge na nósanna imeachta is gá maidir le cruthúnas tionscnaimh. Leis an leasú seo, níl aon athrú ábhartha ar an tsonraíocht táirge, ach tugadh an tsonraíocht táirge cothrom le dáta i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Luaitear freisin sa tsonraíocht táirge, chun inrianaitheacht a áirithiú, go bhfuil na fiontair in ann an méid seo a leanas a shonrú: (a) soláthróir, cainníocht agus tionscnamh na mbaisceanna amhábhar uile agus/nó na dtáirgí a sholáthraítear; b) faighteoir, cainníocht agus ceann scríbe na dtáirgí a sholáthraítear; c) an comhghaol idir gach baisc ionchur dá dtagraítear i bpointe (a) agus gach baisc aschur dá dtagraítear i bpointe (b).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

LEASUITHE EILE AR AN BHFOCLAÍOCHT

Tuairisc

Athruithe riaracháin sa limistéar geografach:

Is é is cuspóir don nuashonrú sin tuairisc a thabhairt ar an limistéar sainithe sa tsonraíocht táirge trí úsáid a bhaint as na rannáin riaracháin atá i bhfeidhm faoi láthair (Plean Kallikratis). Is amhlaidh atá toisc go ndearnadh athchóirithe riaracháin sa Ghréig ó cláraíodh ainm an táirge ar dtús. Mar sin féin, níl aon athrú ar an limistéar sainithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

LEASUITHE EILE AR AN BHFOCLAÍOCHT

Tuairisc

Comhlachtaí cigireachta

Tugadh an pointe áirithe den tsonraíocht táirge cothrom le dáta, i gcomhréir leis an gcreat institiúideach atá ann faoi láthair. Cuireadh an t-údarás cigireachta inniúil, ar a dtugtar ELGO-DIMITRA anois, agus na ranna áitiúla inniúla isteach freisin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

LEASUITHE EILE AR AN BHFOCLAÍOCHT

Tuairisc

Faisnéis staitistiúil

Sa tsonraíocht táirge, sa roinn 'Nasc', sa chuid maidir le 'Beostoc' cuireadh isteach faisnéis ó 2016 atá cothrom le dáta faoi dháileadh líon na gcaorach agus ngabhar a tháirgeann bainne, de réir an chineáil tógála, i limistéar táirgthe sainithe an táirge, agus cuirtear na sonraí sin in ionad na sonraí sa tsonraíocht táirge bhunaidh a bhaineann leis an mbliain 1991. Ina theannta sin, cuireadh staitisticí cothrom le dáta ó 2021 san áireamh maidir le dáileadh táirgthe bainne caorach agus gabhair sa chrios sainithe ina dtáirgtear an táirge, agus cuireadh iad in ionad shonraí na sonraíochta bunaidh ó 1991. Is é is cúis leis an leasú sin a iarradh sonraí staidrimh atá cothrom le dáta a chur sa tsonraíocht.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Κασέρι / Kasseri'

Uimh. Thagartha an Aontais: PDO-GR-0440-AM01 — 13.10.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Κασέρι / Kasseri'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Ghréig

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 - Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cáis leathchrua í 'Κασέρι / Kasseri', cáis bhoird den chuid is mó í a bhfuil blas agus dea-bholadh deas uirthi. Go traidisiúnta, táirgtear í ó bhainne caorach nó ó mheascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair i gcóimheas nach mó ná 20 % ar an iomlán é an meascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair.

Is iad seo a leanas saintréithe bunúsacha cháis 'Κασέρι / Kasseri':

Comhdhéanamh ceimiceach

— Bogthaise uasta: 45 %.

— An t-íoschion saille in ábhar tirim: 40 %.

Ní cheadaítear dathúchán agus antaibheathaigh a úsáid.

An cineál cáise:

Raimhre: idir leathchrua agus crua le mais dhlúth.

Cruth:

(a) Sorcóireach
Toisí: Trastomhas suas le 30 cm, airde 7-10 cm.

(b) Comhthreomharóid

Meáchan: éagsúil

Craiceann:

— Raimhre: leathchrua, comhtháite, clúdaithe de ghnáth le céir phairifín nó le hábhair eile atá ceadaithe do bhia.

— Cuma: caol.

Dath: bán scothbhuí.

Mais cháise:

— Uigeacht: leathchrua, comhtháite.

— Dath: bán scothbhuí.

— Súile: is beag ceann nó ceann ar bith (gan súile de ghnáth)

Dáileadh: ar fud na maise.

Príomh-shaintréithe eile; Is cáis bhoird í den chuid is mó a bhfuil blas deas agus dea-bholadh láidir uirthi. Tógann sí 3 mhí ar a laghad chun aibiú.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Ní mór an bainne a úsáidtear chun cáis 'Κασέρι / Kasseri' a tháirgeadh a bheith de thionscnamh eisiach an limistéir shainithe.

1. Ní mór don bhainne a úsáidtear chun cáis 'Κασέρι / Kasseri' a tháirgeadh na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh

   (a) Táirgtear 'Κασέρι / Kasseri', de ghnáth, ó bhainne caorach. I gcás ina measctar le bainne gabhair í, ní fhéadfaidh an bainne gabhair an 20 % de réir meáchain a shárú.

   (b) Ba cheart cion saille an bhainne a bheith 6 % ar a laghad de réir meáchain.

   (c) Ní foláir téachtadh an bhainne a dhéanamh laistigh de 48 n-uair an chloig ón bpróiseas bleáin. Go dtí go ndéantar téachtadh, coinnítear an bainne i ndálaí teochta rialaithe, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.

   (d) Ní mór an bainne a bheith de thionscnamh pórtha gabhar agus caorach a phóraítear go traidisiúnta agus a chuirtear in oiriúint do limistéar táirgeachta cháis 'Κασέρι / Kasseri'. Ina theannta sin, ní mór a n-aiste bia a bheith bunaithe ar fhlóra an limistéir sin.

   (e) Ní mór an bainne a bheith de thionscnamh bleáin a tharlaíonn 10 lá ar a laghad tar éis breithe.

   (f) Ní mór an bainne a bheith ar chaighdeán maith, amh nó paistéartha.

2. Ní cheadaítear cáis 'Κασέρι / Kasseri' a tháirgeadh ag a bhfuil cineál bainne atá éagsúil leis an gcineál bainne a bhunaítear thuas. Níor cheart an bainne a úsáidtear chun cáis 'Κασέρι / Kasseri' a tháirgeadh a bheith tiubhaithe ná níor cheart bainne púdraithe, próitéiní bainne, cáiséanáití, dathúcháin, leasaithigh ná antaibheathaigh a bheith curtha isteach leis.

3. Féadfar binid thraidisiúnta nó einsímí eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu a chur leis an mbainne a úsáidtear chun cáis 'Κασέρι / Kasseri' a tháirgeadh. Nuair a dhéantar an bainne a phaistéaradh, cuirtear saothráin baictéar aigéadach neamhdhíobhálach agus clóiríd chailciam isteach leis, i méideanna suas le 20 g/100 kg bainne.

Tá beathú na n-ainmhithe bunaithe go príomha ar fhéaraigh ag a bhfuil acmhainneacht innilte íseal go ginearálta ach atá lán le flóra go háirithe, agus atá uathúil mar gheall ar an líon speiceas fásra eindéimigh. Is i limistéir shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla go príomha a thógtar caoirigh agus gabhair. Déantar iad a bheathú go príomha trí innilt. Aistrítear na tréada le linn na tréimhse te chuig féaraigh i limistéir shléibhtiúla.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar táirgeadh, aibiú agus pacáistiú tosaigh cháis 'Κασέρι / Kasseri' uile i saoráidí atá suite laistigh den limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú sliseadh, grátáil, etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chun inrianaitheacht an táirge deiridh a áirithiú, ní mór na sonraí aitheantais seo a leanas a phriontáil ar phacáistíocht 'Κασέρι / Kasseri':

1. Na chéad litreacha den ainmniúchán tionscnaimh: KA
2. Sraithuimhir na pacáistíochta;
3. Dáta an táirgthe. Sampla (KA -1650-20.12.94).

Má dhéantar cáis 'Κασέρι / Kasseri' a athphacáistiú, beidh sonraí ón bpacáistíocht bhunaidh le feiceáil ar an bpacáistíocht nua. Féadfaidh an t-athphacáisteoir sraithuimhir na pacáistíochta nua a chur in ionad na sraithuimhreach. Ina theannta sin, tá dáta an athphacáistithe agus sonraí na cuideachta atá freagrach le feiceáil ar an bpacáistíocht nua.

Ní mór don údarás cigireachta inniúil na sonraí nach mór a bheith ar an bpacáistíocht a sheiceáil.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Áirítear na háiteanna seo a leanas sa limistéar geografach ina dtáirgtear cáis 'Κασέρι / Kasseri':

— i réigiún na Teasáile: aonaid réigiúnacha Karditsa, Larissa, Trikala agus Magnesia;

— réigiún iomlán na Macadóine Láir;

— réigiún iomlán na Macadóine Thiar;

— i réigiún na Macadóine Thoir, an Tráicia: aonaid réigiúnacha Drama, Kavala agus Xanthi agus

— i réigiún na Mara Aeigéiche Thuaidh, aonad réigiúnach Lesbos.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Tá nasc an táirge leis an limistéar sainithe bunaithe go príomha ar cháilíocht na n-amhábhar a úsáidtear chun é a tháirgeadh: bainne íon caorach nó meascán de bhainne caorach agus de bhainne gabhair. Tá nasc ann freisin leis an teicneolaíocht mhonaraíochta a chuirtear i bhfeidhm.

Tá thart ar dhá thrian de dhromchla na tíre sléibhtiúil (airde os cionn 200 m) agus níl ach aon trian de cothrom nó leathshléibhtiúil (cnoic suas le 200 m ar airde). Is ionann féarach agus níos mó ná leath d'achar dromchla na tíre. Go ginearálta, tá aeráid de chineál na Meánmhara sa Ghréig. Léiríonn sé sin saintréithe a bhaineann le haeráid mheasartha le linn an gheimhridh, agus saintréithe na limistéar fothrópaiceach ardbhrú le linn an tsamhraidh. Is é sin le rá, bíonn na geimhrí fliuch agus bíonn na samhraí tirim, bíonn báisteach bhliantúil íseal ann, bíonn geimhrí séimhe, samhraí teo agus tréimhsí fada gréine ann i rith na bliana, go háirithe le linn thréimhse the na bliana. I dtéarmaí báistí, tá tréimhse thirim agus fhliuch araon ag an gcuid den tír ina dtáirgtear 'Κασέρι / Kasseri'. Athraíonn fad na dtréimhsí sin ag brath ar dhomhanleithead agus ar airde. Tosaíonn an tréimhse thirim ag deireadh an earraigh agus maireann sí go dtí an fómhar. Uaireanta cuireann báisteach i bhfoirm stoirmeacha isteach air sin. Maireann an tréimhse fhliuch ón bhfómhar agus go dtí deireadh an earraigh. Sa Ghréig, ní bhíonn mórán laethanta dorcha ná laethanta gan solas na gréine ann go háirithe. Tá meánlíon bliantúil na laethanta dorcha idir 30 agus 90. Bíonn an méid gréine sa Ghréig ard go ginearálta. Dá bhrí sin, tá an meán bliantúil idir 2 300 agus 3 100 uair an chloig.

Tá flóra nádúrtha na Gréige comhdhéanta de thart ar 6 000 speiceas a bhfuil 15 % díobh, nó fiú 20 % díobh, eindéimeach. Agus méid na tíre á chur san áireamh, tá an líon sin thar a bheith mór. San Eoraip, is í an Ghréig a bhfuil an líon is mó flóra aici i measc na stát uile, agus tá sí sa dara háit tar éis leithinis na hIbéire. Is suntasach an figiúr de 6 000 speiceas sa Ghréig i gcomparáid leis an 20 000 speiceas ar fud limistéar iomlán na Meánmhara: ó dheisceart na hEorpa go tuaisceart na hAfraice le cuid d'iarthar na hÁise. Bhí eindéimeacht an fhlóra sa tír faoi bhláth go príomha i ngnáthóga iargúlta amhail leithinis Athos, Olympos agus limistéir na Mara Aeigéiche.

I gcás caorach agus gabhar, is iad léagúim agus féara na speicis is fearr le haghaidh innilte.

Tá cúlra géiniteach coiteann ag na caoirigh a thógtar sa Ghréig den chuid is mó. Bíonn a saintréithe éagsúil, áfach, ag brath ar dhálaí ar leith an limistéir ina dtógtar iad. Is ainmhithe beaga iad, atá oiriúnaithe do dhálaí crua geoifisiceacha agus aeráide na tíre, a tháirgeann leibhéil ísle bhainne, 80-20 cileagram in aghaidh na bliana, ach bainne breá ar ardchaighdeán. Is é is cúis leis sin go príomha an chaoi a dtógtar na hainmhithe agus éagsúlacht fhlóra an réigiúin. Baineann formhór na gcaorach sna limistéir ina dtáirgtear cáis 'Κασέρι / Kasseri' leis an bpór Zackel (*Ovis Aries* L.). Chomh maith le pórtha caorach dúchasacha, tógtar pórtha eachtracha agus crosphórtha de na pórtha sin leis na caoirigh dhúchasacha freisin. Mar sin féin, níl a mbainne chomh saibhir céanna maidir le comhdhéanamh agus úsáidtear é go príomha le haghaidh tomhaltas baile nó táirgeadh iógairt.

Maidir le gabhair, tá an chuid is mó de líon na ngabhar (thart ar 80 %) comhdhéanta de phórtha áitiúla. Tá thart ar 14 % díobh mar thoradh ar chrosphórú le pórtha eachtracha éagsúla, agus tá an 6 % eile den phór Saanen. Tá éagsúlacht ag baint le gabhair dhúchasacha a mhéid a bhaineann lena ndathúchán agus le saintréithe pórtha dúchasacha, amhail méid bheag, sliochtmhaireacht theoranta, táirgeadh íseal bainne agus comhdhéanamh láidir. Tá an táirgeadh bliantúil bainne idir 50-100 kg bainne le haghaidh na n-ainmhithe ó limistéir shléibhtiúla, agus idir 120-150 le haghaidh na n-ainmhithe ó limistéir ísealchríche. Sna limistéir shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla, is ar shaorinnilt amháin a thógtar na gabhair áitiúla. I limistéir ísealchríche, ina dtógtar na pórtha crosphóraithe nó eachtracha, is í an tógáil intíre nó leath-intíre atá ann den chuid is mó. Tá tógáil na gcaorach agus na ngabhar bunaithe go príomha ar fhásra féarach ag a bhfuil acmhainneacht innilte sách íseal ach ag a bhfuil neart flóra, agus ar ghluaiseacht tréada chuig féaraigh shléibhtiúla le linn na tréimhse te.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe na feirmeoireachta caorach agus gabhar sa limistéar seo: an líon mór gabháltas beostoic agus an líon beag ainmhithe in aghaidh an ghabháltais; na pórtha dúchasacha caorach agus gabhar, atá oiriúnaithe go maith do na príomhdhálaí crua geoifisiceacha agus aeráide, ach a bhfuil tál beag bainne acu; agus leitheadúlacht an chórais tógála fairsinge caorach agus gabhar i limistéir shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla den chuid is mó.

I dtéarmaí cháilíocht na n-amhábhar, tá difríocht mhór idir bainne caorach agus bainne gabhair agus bainne bó, maidir le comhdhéanamh ceimiceach agus airíonna déanta cáise araon. Tá an t-idirdhealú sin níos soiléire fós i gcás na bpórtha áitiúla, dúchasacha agus ísealtáirgeachta atá forleathan sa Ghréig. Mar gheall ar na dálaí aeráide speisialta atá ann agus cineál geoifisiceach an fhlóra, is saintréith de na pórtha sin táirgeadh bainne le cion soladach an-ard agus dea-bholadh an-láidir.

Go ginearálta, saintréith de bhainne caorach agus de bhainne gabhair is ea cion ard próitéine, saille agus ábhair thirim i gcomparáid le bainne bó. Bíonn tionchar aige sin ar tháirgeacht agus ar airíonna na cáise. Ach seachas na difríochtaí cainníochtúla, tá difríochtaí cáilíochtúla ann freisin idir na cineálacha bainne a dhéanann difear don táirgeacht i gcáis, chomh maith le tréithe meicniúla, agus fisiceacha agus ceimiceacha, agus tréithe orgánaileipteacha cháis 'Κασέρι / Kasseri'. Is iad seo a leanas na difríochtaí is suntasaí:

(a) níl caraitéiní i mbainne caorach agus gabhar. Mar thoradh air sin, tá dath bán nádúrtha ar an ngruth a tháirgtear ó na bainní sin, murab ionann agus an gruth a tháirgtear ó bhainne bó a bhfuil dath scothbhuí air.

(b) Tá difríochtaí cainníochtúla agus cáilíochtúla freisin sna codáin cháiséine agus mar thoradh air sin tá difríocht idir na táirgí hidrealaithe. Tá na táirgí sin, mar aon le saoraigéid shailleacha, freagrach den chuid is mó as saintréithe blais na cáise.

(c) is díol spéise ar leith í soghluaisteacht leictreafóiréiseach cáiséine $alfa_{s1}$ sna trí chineál bainne. Is tréith é a fhágann gur féidir aon tanú leis na cineálacha eile bainne a bhrath.

Bíonn tionchar ag na difríochtaí sin i gcomhdhéanamh ceimiceach bainne ar thréithe fisiceacha agus ceimiceacha agus orgánaileipteacha cháis 'Κασέρι / Kasseri'.

Sa lá atá inniu ann, mar a tharla roimhe seo, úsáideadh bainne caorach, nó meascán de bhainne caorach le beagán bainne gabhair, chun cáis 'Κασέρι / Kasseri' ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Tháinig an bainne seo ó ainmhithe a tógadh go ginearálta sna sléibhte Pindos agus Olympos. Sna sliabhraonta sin, bhí an gréasán bóithre bunúsach nó ní raibh sé ann fiú. Mar thoradh air sin, bhí sé deacair an bainne a bhailiú agus a iompar. Éascaíodh an cás tríd an mbainne a théachtadh ar an láthair, agus tríd an táirge téachta a iompar i mbairillí, go tráthrialta. Chiallaigh sé sin gur laghdaíodh toirt an táirge a iompraíodh, agus úsáideadh an gruth a cruthaíodh chun táirge ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Sna dálaí sin, forbraíodh cáis de chineál 'pasta filata'. Forbraíodh an teicneolaíocht mhonaraíochta chuige sin go mall ach forbraíodh í go cinnte san fhoirm atá ann anois. Mar sin féin, tugadh urraim i gcónaí do ghnéithe na teicneolaíochta traidisiúnta lena ráthaítear tréithe orgánaileipteacha sásúla na cáise.

Is cáis leathchrua í 'Κασέρι / Kasseri', cáis bhoird den chuid is mó í a bhfuil blas agus dea-bholadh deas uirthi. Is é is cúis go príomha leis na saintréithe cáilíochta cáilíocht an amhábhair a úsáidtear chun í a dhéanamh, agus an teicneolaíocht a úsáidtear. Mar thoradh ar cháilíocht an bhainne, mar aon le taithí na gcáiseoirí, tá sraith cáiseanna míne ann, ina bhfuil áit shainiúil ag 'Κασέρι / Kasseri'.

Is iad seo a leanas na tosca is tábhachtaí i dtáirgeadh cháis thraidisiúnta 'Κασέρι / Kasseri': bainne caorach amh nó meascáin de bhainne caorach ina bhfuil cainníocht bheag de bhainne gabhair, nach mó ná 20 % de réir meáchain, a úsáid; agus aigéadú bitheolaíoch an ghrutha go dtí an chéim aigéadaithe inmhianaithe.

Ó thráthanna níos luaithe, leis an bhfeirmeoireacht caorach agus gabhar, cuireadh an príomhchineál beostoic táirgthe bainne ar fáil don Ghréig, mura raibh sé cineál eisiach. Is mar gheall ar dhálaí geoifisiceacha agus aeráide a forbraíodh tógáil caorach agus gabhar sa Ghréig i gcoitinne, rud a bheadh deacair do thógáil eallaigh. Níl an limistéar mór ina bhfuil sléibhte agus níl na dálaí aeráide teo agus tirime fabhrach d'fhásra nádúrtha ach amháin le linn tréimhsí áirithe bliana atá réasúnta gearr. Ba iad sin na príomhthosca agus na tosca cinntitheacha. Ba é an toradh a bhí air sin forbairt pórtha caorach agus gabhar le comhdhéanamh láidir agus inoiriúnaitheacht láidir do na dálaí crua sin. Tá na pórtha sin oiriúnaithe do na dálaí nádúrtha, agus tairbhíonn siad d'fhéaraigh ag a bhfuil éagsúlacht mhór flóra atá uathúil mar gheall ar an líon speiceas fásra eindéimigh. Is comhartha sóirt de chuid na gcaorach agus na ngabhar é a dtáirgeadh íseal bainne ach bainne freisin a bhfuil comhdhéanamh ceimiceach an-láidir agus tréithe orgánaileipteacha den scoth aige.

Saintréith thábhachtach d'fhlóra sléibhtiúla agus leathshléibhtiúla ar an nGréig is ea an easpa lotnaidicídí, luibhicídí fiailnimheanna, feithidicídí etc. Idir an dá linn, tá tiúchan luaidhe agus truailleáin eile an-íseal mar gheall ar easpa mórbhóithre sna limistéir sin. Níl substaintí den sórt sin sa timpeallacht ná sa fhlóra, ar a mbeathaíonn caoirigh agus gabhair ó limistéir shléibhtiúla agus leathshléibhtiúla na tíre go heisiach. Dá bhrí sin, is beag éilliú a bhíonn ar an mbainne agus ar an gcáis a tháirgtear, i gcodarsnacht leis an méid a tharlaíonn le bainne ainmhithe a bheathaítear le beatha ainmhithe saothraithe.

Le cáilíocht na n-amhábhar, na dálaí táirgthe chun iad a thiontú ina gcáis, agus scil agus taithí sheanbhunaithe na gcáiseoirí, áirithítear na dálaí chun táirge uathúil a tháirgeadh. Cáis ar ardchaighdeán, bhí meas ar leith ag tomhaltóirí sa Ghréig uirthi, agus tá meas acu go fóill uirthi inniu. Tá cáil ar an táirge thar lear anois freisin.

Tá cáis 'Κασέρι / Kasseri' ar cheann de na cáiseanna is mó tóir sa tír. Clúdaíonn a stair agus a traidisiúin blianta fada sa Ghréig. Itear an táirge go forleathan, agus tá an tomhaltas per capita ard. Tá sí á déanamh i gcodanna éagsúla den tír le breis agus 100 bliain anuas, agus tá an teicneolaíocht ag athrú de shíor chun oiriúnú do na príomhdhálaí atá ann. Mar sin féin, tugadh urraim i gcónaí do ghnéithe bunúsacha na teicneolaíochta traidisiúnta.

Is iomaí tagairt atá ann lena bhfianaítear an tábhacht a bhaineann le feirmeoireacht caorach agus gabhar ó bhí an tseanré ann. Maidir leis na Sean-Ghréagaigh, measadh gur bia naofa é bainne toisc gur beathaíodh Séas ar bhainne ghabhar Amalthea. Meastar gur dia tréadach é Heirméas, duine den dáréag déithe atá ag Teampall na nDéithe sa Ghréig. Tugadh 'Krioforos', 'Milososos' (cosantóir na gcaorach) agus 'Tyreftir' (bronntóir cáise, cáiseoir) air. De réir mhiotaseolaíocht na Gréige, chuir déithe Oilimpeas an cheird a baineann le déanamh cáise ar fáil mar bhronntanas luachmhar do na gnáthdhaoine. In Odaisé (IX, 218–250), tagraíonn Hóiméar don táirgeadh cáise ó bhainne caorach agus ó bhainne gabhair a rinne an Cioclóp Polaiféamas.

Tagairt leictreonach (url) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.minagric.gr/images/stories/docs/agrotis/POP-PGE/2021/prodiagrafes_kaseri190225.pdf